

Pacáiste eolais d'iarrthóirí

Bainisteoir Rannóige an An tAonad um
Sheirbhísí Eacnamaíochta agus
Straitéiseacha (AP)

An dáta deiridh a nglacfar le hIarratais:
27 Meán Fómhair 2024



Is comhlacht leathstáit neamhthráchtála é BIM a bunaíodh go foirmiúil faoi reacht (An tAcht lascaigh Mhara, 1952). Gníomhaireacht de chuid Stát na hÉireann é BIM atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus de chuid líonra Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí leathstáit, páirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara é BIM.

Tá ceithre aonad gnó san eagraíocht: Seirbhísí Teicniúla Bia Mara, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta, Seirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha, agus tacaíonn an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin leo sin. Tá Ceannoifig Bhord lascaigh Mhara i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath. D'fhonn tacú leis an earnáil bia mara, tá cuid d'fhoireann BIM lonnaithe go straitéiseach sna pobail cois cósta a mbíonn siad ag freastal orthu, lena n-áirítear oifigí i nGaillimh agus sna Cealla Beaga. Ina theannta sin, tá dhá Choláiste Náisiúnta Oilíúna BIM lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí..

Tá sé d'aidhm ag straitéis BIM feabhas a chur ar iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí dhíriú ar na príomhthosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas:

- Ceannaireacht a stiúradh agus a chothú
- Torthaí a chur ar fáil le réitigh a bhfuil tionchar acu ar athrú a dhéanamh
- Infheistíocht a dhéanamh i bhfás fadtéarmach
- An comhshaol agus an earnáil a chosaint

Ár Misean

Tacú le luach a mhéadú maidir le hearnáil inbhuanaithe bia mara na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir, agus sin a éascú.

Ár bhFís

Rachaimid i gcomhpháirtíocht le hearnáil bia mara na hÉireann le rún agus le práinn chun na hathruithe atá de dhíth a aithint agus a chur chun cinn le go mbeidh an todhchaí inbhuanaithe.

Ár Luachanna

Iontaobhas

Comhpháirtíocht

Obair Foirne

Cuimsiú

Ionracas



Cuntas ar an Ról	
Teideal an phoist:	Bainisteoir Rannóige an An tAonad um Sheirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha (AP)
Conradh:	Lánaimseartha; Tréimhse Éiginnte
Áit:	D'fhéadfadh an post a bheith lonnaithe i gCeannoifig BIM, Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath, nó in aon cheann d'Oifigí Réigiúnacha BIM (Is féidir iarratas a dhéanamh ar obair hibrideach freisin).
Struchtúr Tuairiscithe:	Ardoifigeach Feidhmiúcháin: Bainisteoir, Aonad Faisnéise Gnó.
Grúpa Seirbhíse:	An tAonad um Sheirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha
Cur síos ar an nGrúpa Seirbhíse cúí:	<p>An tAonad um Sheirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha</p> <p>Tá an tAonad um Sheirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha (ESSU) freagrach as sonraí eacnamaíochta ar bhia mara ar fud an domhain a bhailiú, agus measúnú agus anailís a dhéanamh orthu d'fhonn treoir luachmhar thráchtála a chur ar fáil do Thionscal Bia Mara na hÉireann de réir mar a thugann sé aghaidh ar threochtaí agus ar dhúshláin atá ag athrú.</p> <p>Tacaíonn an ESSU le BIM chun straitéisí a chruthú d'fhorbairt tionscail bunaithe ar anailís daingean a dhéanamh ar shonraí, eolas agus treochtaí domhanda chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus deiseanna a aithint, mar aon le bheith ag cur le cumas BIM i ndáil le húsáid sonraí chun léargais a chur ar fáil a dhéanann eolas do chinnteoireacht ag leibhéal eagraíochta.</p> <p>Chomh maith leis sin, cuireann an tAonad tacaíocht theicniúil agus léargas ar fáil don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM), do thionscal bia mara na hÉireann, d'Fhoras na Mara agus don Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara (SFPA) ar réimsí beartais iascaigh.</p>



Achoimre ar an Ról

Is ról príomhcheannaireachta laistigh d'Aonad Seirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha BIM é ról Bhainisteoir Rannóige an Aonaid um Sheirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha (ESSU). Tuairiscíonn an duine atá sa phost seo go díreach do Stiúrthóir an ESSU ó thaobh sainléargas agus sainchomhairle a sholáthair sna príomhréimsí a bhfuil tionchar acu ar an earnáil bia mara. Áirítear anseo, meastóireacht agus comhairle maidir le hEarnáil Bia Mara na hÉireann ó thaobh an Bhreathimeachta, an Chomhbheartais Iascaigh, agus tuairisciú ginearálta maidir le máthair-roinn BIM, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) agus an Coimisiún Eorpach.

Beidh foireann saineolaithe teicniúla agus sonraí a stiúradh ag an mbainisteoir freisin maidir lena gcuid oibre ó lá go lá. Tá an fhoireann de sheisear comhaltaí lonnaithe ar fud oifigí réigiúnacha BIM agus iad i mbun comhoibrithe maidir le príomhchuspóirí agus príomhthascanna atá leagtha síos ag Creat Bailithe Sonraí an AE agus ag an gCreatbheartas Náisiúnta.

Chomh maith leis an méid atá thuas, cuirfidh Bainisteoir an ESSU comhairle ar fáil do ghrúpaí oibre ar nós

STECF EWG- Tuarascáil Bhliantúil Eacnamaíochta – an Fhlít (I agus II), Dobharshaothrú agus Próiseáil, Acmhainn an Fhlít STECF – Samhain, Grúpa Pleanála ar Chúrsaí Eacnamaíochta (PGECON) agus ICES an grúpa oibre eacnamaíochta. Cuireann sárscileanna bainistíochta agus cumarsáide páirtithe leasmhara go mór leis an ról seo.

Beidh taisteal ócáideach ag gabháil leis an ról mar gheall ar riachtanais gnó. Is taisteal intíre go príomha a bhí i gceist leis seo chuig oifigí éagsúla BIM, chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus/nó chuig cruinnithe tionscal. Tá riachtanas ann freisin ó thaobh corrchuairt a thabhairt ar bháid iascaigh chun éascú a dhéanamh ar bhailiú sonraí a bhaineann le trialacha BIM.



Freagrachtaí

Tacaíocht agus Comhairle Beartais

- Tacaíocht a sholáthar agus tabhairt faoi anailís beartais agus socheacnamaíoch don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM), tionscal bia mara na hÉireann, Tionscal na Mara agus BIM ó thaobh réimsí beartais náisiúnta agus AE, lena n-áirítear, an Breatimeacht.
- Sonraí socheacnamaíocha a sholáthar agus anailís a dhéanamh orthu chun tacú le forbairt agus feidhmiú chláir mhaoinithe faoin EMFAF.

Bainistiú Sonraí, Suirbhé Náisiúnta Bia Mara agus Bainistiú Eolais

- Tacaíonn BIM le straitéisí a chruthú d'fhorbairt an tionscal atá bunaithe ar anailís láidir a dhéanamh ar shonraí, ar eolas agus ar threochtaí domhanda chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán agus ar dheiseanna a aithint.
- Maoirseacht agus tacaíocht a sholáthar don Suirbhé Náisiúnta Bia Mara faoi Chreat Bailithe Sonraí an AE.
- Maoirseacht agus tacaíocht a sholáthar don Ionad Sonraí chun bainistiú a dhéanamh ar shonraí BIM go lárnach.

Bainistiú an Aonaid

- Foireann a bhainistiú, ceannaireacht, treoir agus treoir a sholáthar.
- Ceannaireacht ar phlean oibre an Aonaid trí bhainistiú agus tacaíocht theicniúil a sholáthar do na tionscadail straitéiseacha ábhartha má bhíonn gá leis agus nuair a bhíonn gá leis.

Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

- Sainchomhairle agus comhairle anailíseach a sholáthar do raon leathan de pháirtithe leasmhara suntasacha.
- Grúpaí páirtithe leasmhara a éascú agus tacaíocht a chur ar fáil ina leith de réir mar is gá.
- Ionchur a thabhairt maidir le dearadh agus leathadh amach imeachtaí páirtithe leasmhara (m.sh., Seafest, Skipper Expo).

Ginearálta

- Tabhairt faoi thascanna nó faoi thionscadail, a d'fhéadfadh a bheith leagtha síos ag an Stiúrthóir ó am go chéile agus iad a bhainistiú agus/nó iad a sheachadadh.



Taithí agus Cáilíochtaí Riachtanacha

- Taithí a léiriú ó thaobh bainistiú a dhéanamh ar chásanna atá deacair leis an gcumas brúnna gearrthéarmacha a sheasamh chun díriú ar spriocanna straitéiseacha suntasacha a sheachadadh.
- An cumas a léiriú ó thaobh réitigh nuálacha a fheidmiú i leith dúshláin; sárscileanna maidir le fadhbanna a réiteach agus idirbheartaíocht a dhéanamh.
- 5 bhliana ar a laghad i ról den chineál céanna, go hidéalach laistigh den earnáil iascaigh, do bharshaothraithe nó a bhaineann leis an bhfarraige.
- Cáilíocht tríú leibhéal laistigh de réimse na hEarnála Mara, Gnó nó Geilleagrach.
- Buneolas mionsonraithe maidir leis an mbeartas iascaigh ábhartha.
- Tuiscint ar na macra-threochtaí ábhartha agus ar dhúshláin straitéiseacha eile (m.sh., an Breatimeacht) agus a dtionchar ar an tionscal – meon aigne idirnáisiúnta.
- Ardchumas anailísíochta agus tuiscint dhomhain ar uirlisí coincheapa, prionsabail agus múnlaíthe.
- Sárchumas a léiriú ó thaobh páirtithe leasmhara, príomhchaidreamh tionscal, an Roinn agus gníomhaireachtaí suntasacha eile a bhainistiú agus oibriú in éineacht leo.
- Sárscileanna cumarsáide éifeachtacha agus sothuigthe, labhartha agus scríofa araon, a léiríonn tionchar ag gach leibhéal.
- Taithí chruthaithe i gcur le agus i neartú foirne, a chothaíonn timpeallacht oibre comhoibríoch, ardfheidhmíochta.
- Taithí ó thaobh tionscail straitéiseacha ardleibhéal a sheachadadh, go háirithe iad siúd a dhíríonn ar shonraí agus ar léargas, rud a chinntíonn go bhfuil siad ag teacht le spriocanna agus le tosaíochtaí straitéiseacha earnála.
- Ard-inniúlacht ó thaobh anailís staitistiúil, eacnaiméadracht, nó modhanna anailísíochta ardleibhéal eile atá ábhartha do na hearnálacha bia mara nó mara.
- An cumas tabhairt faoi anailís dhomhain ar threochtaí geilleagracha agus tionscal, léargas straitéiseach a sholáthar a chuireann eolas ar fáil do chinntí beartais agus do chinntí oibríochtaí eile.
- Taithí léirithe ó thaobh bainistiú a dhéanamh ar thionscadail mórsála atá dírithe ar shonraí, lena n-áirítear, bonneagar sonraí agus ardáin anailísíochta a fhorbairt agus a fheidmiú.
- Scileanna láidre maidir le bainistiú tionscadal le dea-theist ó thaobh foirne ilréimsiúla a stiúradh go rathúil chun tionscadail sonraí atá casta a sheachadadh in am agus laistigh de bhuiséad.
- Cumas cruthaithe ó thaobh leas a bhaint as sonraí eagraíochtúla chun bearnaí feidhmíochta a aithint agus pleananna feabhsúcháin a fhorbairt agus dul chun cinn a rianú maidir le cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.
- Taithí ó thaobh úsáid a bhaint as sonraí chun cultúr feabhsúcháin leanúnaigh agus barr feabhais laistigh den eagraíocht a chothú.

Taithí agus Cáilíochtaí Inmhianaithe

- Cáilíochtaí láidre ceannaireachta a léiriú ó thaobh foireann a spreagadh agus a fhorbairt ar mhaithe le leibhéal feidhmíochta uailmhianacha a bhaint amach.
- Taithí ó thaobh bainistiú a dhéanamh ar fhoireann éagsúil daoine.
- Taithí san earnáil phoiblí.



Tréithe pearsanta atá de dhíth don phost:

Ceannaireacht:

- Glacann le dearcadh fadtéarmach i leith a chuid/a cuid oibre féin agus níos faide ar aghaidh ná an obair ó lá go lá.
- Glacann le cur chuige sofhreagrúil ó thaobh athruithe de.
- Léiríonn dea-shampla ó thaobh dea-chleachtais oibre a chuireann oideachas ar fáil do dhaoine eile trí chóitseáil, meantóireacht agus aiseolas.
- Leagan treo agus spriocanna soiléire síos don fhoireann.

Dírítear ar Thorthaí:

- Glacann le freagrachtaí agus le leagan síos spriocanna i ndáiríre agus freastalaíonn ar na hionchais agus ar na spriocanna atá leagtha síos i gcónaí.
- Tugann aghaidh ar bhealach dearfach ar chur chuige atá ann cheana féin chun díriú ar sheachadadh.
- Ullmhaithe agus feistithe chun cinntí crua a dhéanamh leis na torthaí a bhaint amach.

Lúfaireacht agus Solúbthacht:

- Toilteanach agus in ann dul in oiriúint do thascanna agus do chásanna atá ag athrú.
- Baineann úsáid as breithiúnas chun dul in oiriúint do riachtanais athraitheacha na heagraíochta.
- Treoraíonn daoine eile chun solúbthacht agus lúfaireacht san áit oibre a léiriú.

Saineolas agus Eolas Teicniúil:

- Coinníonn iad féin agus an fhoireann ar an eolas maidir leis an dul chun cinn is deireanaí ina réimse gairme féin.
- Léiríonn eolas leordhóthanach agus comhlánaíonn formhór na dtascanna/tionscadail le fíorbheagán tacaíochta ó dhaoine eile.
- Tacaíonn le saineolas teicniúil agus gairmiúil a fhorbairt laistigh den fhoireann agus cuireann sin i bhfeidhm.

Teagmhálaithe:

Laistigh de BIM	ESSU agus Foireann BIM níos leithne.
Lasmuigh de BIM	Foras na Mara, SFPA, DAFM, an earnáil gabhála, an tIonad Comhpháirteach Taighde (JRC), Grúpa Pleanála an DCF ar Chúrsaí Eacnamaíochta (RCGEcon) Coiste Teicniúil, Eolaíochta agus Geilleagrach Choimisiún an AE (STECF (Coiste Teicniúil, Eolaíochta agus Geilleagrach d'lascaigh).



Téarmaí agus Sochair

Tuarastal

Beidh luach saothair de réir Scála Tuarastail ceadaithe na Roinne Airgeadais don Earnáil Phoiblí, le réimse tuarastail €78,303 - €97,583 (amhail an 1 Meitheamh 2024) sa bhliain dailte go comhréireach i ndáil leis an am a oibreofar. Ag an gcéad phointe iontrála ar an scála a cheapfar an t- iarratasóir a n-éireoidh leis mura bhfuil an t- iarratasóir fostaithe laistigh de na Seirbhísí Phoiblí faoi láthair.

Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Phoiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin eárnála poiblí i láthair na huairé (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin eárnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa eárnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san eárnáil poiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

Saoire Bhliantúil

Is é 30 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Phoiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP)

Cuireann BIM seirbhís EAP atá 100% faoi rún agus neamhspleách ar fáil trí Spectrum a chuireann comhairle ghairmiúil agus neamhchlaonta, eolas agus comhairleoireacht ar fáil ar réimse saincheisteanna lena n-áirítear ceisteanna dlí, airgeadais agus sláinte. Tá an tseirbhís sin saor in aisce d'fhostaithe agus tá sí ar fáil freisin do gharghaolta leat.

Seirbhís Sláinte Ceirde

Oibríonn BIM le soláthraí seirbhíse Sláinte Ceirde neamhspleách a chuireann tacaíocht agus comhairle ar fáil d'fhostaithe a bhfuil tinneas orthu nó riocht sláinte ag dul dóibh atá ag cur isteach ar a gcumas obair a dhéanamh.

Aonad Fístaispeána

Is féidir le fostaithe suas go €117 a fháil ar ais ar thástáil súl.

Taisteal agus Cothú

Íoctar costais taistil agus chothaithe le fostaithe a bhfuil orthu taisteal i gcomhréir le rátaí ceadaithe.

Scéim Coigilteora Cánach

Is féidir le fostaithe a thaistealaíonn chuig an obair ar an gcóras iompair poiblí leas a bhaint as Ticéad Coigilteora Cánach bliantúil chun méid suntasach airgid a shábháil ar chostais taistil.

An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre

Is féidir le fostaithe a thagann chuig an obair ar rothar nó a bhíonn ar rothar le linn cuid den turas leas a bhaint as an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre.



An Bealach le hiarratas a dhéanamh:

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus a [Foirm Iarratais Folúntais BIM](#) chomhlánaithe ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig

jobs@bim.ie

An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais

27 Meán Fómhair 2024

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Is Grád Príomhoifigigh Chúnta é seo agus tá Bord Iascaigh Mhara ag teacht le Samhail Inniúlachta na Seirbhíse um [Cheapacháin Phoiblí Inniúlachtaí PAS](#)

Úsáid Sonraí

Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scriosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie

Is fostóir comhdheiseanna é Bord Iascaigh Mhara



Investors in
Diversity

SILVER